AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 26 Aibreán 2024
(OR. en)

2016/0225(COD)

PE-CONS 18/24

ASILE 31
RELEX 175
CODEC 396

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Creat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 |

**RIALACHÁN (AE) 2024/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena mbunaítear Creat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 78(2), pointí (d) agus (g), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

[1] IO C 125, 21.4.2017, lch. 40.
[2] IO C 207, 30.6.2017, lch. 67.
[3] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an … .

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna conclúidí uaithi maidir le 'Gníomhaíocht a dhéanamh chun sreabha imirce a bhainistiú ar bhealach níos fearr' an 10 Deireadh Fómhair 2014, d'admhaigh an Chomhairle gur cheart do na Ballstáit uile, agus na hiarrachtaí atá déanta ag Ballstáit a ndéanann sreabha imirce difear dóibh á gcur san áireamh, a gcion a dhéanamh maidir le hathlonnú ar bhealach cóir agus cothrom.

(2) Tá an Rialachán seo bunaithe ar chur i bhfeidhm iomlán agus cuimsitheach Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Stádas Dídeanaithe an 28 Iúil 1951, arna fhorlíonadh le Prótacal Nua-Eabhrac an 31 Eanáir 1967 ('Coinbhinsiún na Ginéive').

(3) Ba cheart Creat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil ('Creat an Aontais') a bhunú chun bealaí dlíthiúla eile a chomhlánú. Ba cheart do Chreat an Aontais rochtain ar réiteach marthanach a thabhairt do na náisiúnaigh tríú tír nó do na daoine gan stát is leochailí a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta.

(4) An 19 Meán Fómhair 2016, thathantaigh Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar na Stáit na hiarrachtaí athlonnaithe a mhéadú agus beartaigh sé go mbeidh creat cuimsitheach freagartha ann do dhídeanaithe ina mbeidh sé d'aidhm ag na Stáit áiteanna athlonnaithe agus bealaí dlíthiúla eile a sholáthar ar scála lena bhféadfaí na riachtanais athlonnaithe bhliantúla arna sainaithint ag Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) a chomhlíonadh. Foráiltear sa Chomhshocrú Domhanda maidir le Dídeanaithe a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 17 Nollaig 2018 go n-iarrfar ar Stáit ranníocaíochtaí deonacha a dhéanamh chun raon feidhme, méid agus cáilíocht na gclár athlonnaithe a bhunú nó a mhéadú.

(5) Sa teachtaireacht uaidh an 13 Bealtaine 2015 i ndáil le Clár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce, leag an Coimisiún amach an gá i dtaca le cur chuige comhchoiteann i leith cosaint a dheonú do dhaoine easáitithe a bhfuil cosaint de dhíth orthu trína n-athlonnú.

(6) Sa Mholadh uaidh chuig na Ballstáit an 8 Meitheamh 2015 maidir le Scéim Athlonnaithe Eorpach, mhol an Coimisiún gur cheart athlonnú a bheith bunaithe ar scála dáilte cothrom. Bhí conclúidí ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát ann ina dhiaidh sin, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 20 Iúil 2015 chun 22 504 dhuine a athlonnú, trí scéimeanna iltaobhacha agus náisiúnta, ar léir go raibh cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu. Rinneadh na háiteanna athlonnaithe a leithdháileadh i measc na mBallstát agus an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua, agus an Eilvéis i gcomhréir leis na gealltanais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí sin.

(7) An 15 Nollaig 2015, dhírigh an Coimisiún Moladh maidir le scéim dheonach um ligean isteach ar fhoras daonnúil i gcomhar leis an Tuirc chuig na Ballstáit agus na Stáit chomhlachaithe, ina moltar go ligfeadh Stáit rannpháirteacha isteach daoine a easáitíodh mar gheall ar an gcoinbhleacht sa tSiria a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

(8) Sa teachtaireacht uaidh an 6 Aibreán 2016 dar teideal *Towards a Reform of the Common European Asylum System and Enhancing Legal Avenues to Europe* [I dTreo Athchóiriú ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn agus Bealaí Dlíthiúla chun an Eoraip a Fheabhsú], d'fhógair an Coimisiún go leagfadh sé amach togra le haghaidh córas athlonnaithe struchtúraithe lena leagfaí síos creat an Aontais maidir le hathlonnú agus lena ndéanfaí foráil do chur chuige comhchoiteann maidir le teacht isteach sábháilte dlíthiúil chuig an Aontas le haghaidh daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu.

(9) Sa rún uaithi an 12 Aibreán 2016 maidir leis an staid sa Mheánmhuir agus an gá atá le cur chuige iomlánaíoch de chuid an Aontais i leith na himirce, chuir Parlaimint na hEorpa i dtreis gur gá clár athlonnaithe buan uile-Aontais a bheith ann a chuireann athlonnú ar fáil do líon fóinteach dídeanaithe, agus aird á tabhairt ar an líon foriomlán dídeanaithe a bhfuil cosaint san Aontas á lorg acu.

(10) An 27 Meán Fómhair 2017, dhírigh an Coimisiún Moladh chuig na Ballstáit maidir le feabhas a chur ar bhealaí dlíthiúla do dhaoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu. Mar fhreagairt air sin, gheall na Ballstáit 50 039 n-áit athlonnaithe a chur ar fáil.

(11) Ag tógáil ar thionscnaimh atá ann cheana, agus i gcomhthéacs na hailtireachta idirnáisiúnta atá ann cheana, ba cheart Creat cobhsaí iontaofa de chuid an Aontais a bhunú chun náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a ligean isteach, ar Creat é atá le cur chun feidhme i gcomhréir le Plean de chuid an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil ('Plean an Aontais'), lenar cheart tásca nithiúla na mBallstát a urramú go hiomlán maidir lena ngealltanais.

(12) Ba cheart Creat an Aontais a chur i gcomhthéacs iarrachtaí athlonnaithe agus ligean isteach ar fhoras daonnúil arna ndéanamh ar bhonn idirnáisiúnta. Ba cheart rannchuidiú Chreat an Aontais chun freastal ar riachtanais dhomhanda maidir le hathlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil a bheith ina chuidiú chun comhpháirtíocht an Aontais le tríú tíortha a neartú agus é mar chuspóir leis dlúthpháirtíocht a léiriú le tíortha i réigiúin ar easáitíodh líon mór daoine chucu a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu tríd an mbrú atá ar na tíortha sin a mhaolú, acmhainneacht na dtíortha sin a chothú le go bhféadfaidís coinníollacha glactha agus coinníollacha cosanta idirnáisiúnta a fheabhsú, agus gluaiseachtaí ar aghaidh neamhrialta agus contúirteacha náisiúnach tríú tír agus daoine gan stát a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu a laghdú, i gcomhthéacs na himirce.

(13) Chun rannchuidiú le méadú na n-iarrachtaí athlonnaithe agus ligean isteach ar fhoras daonnúil agus chun éagsúlachtaí i gcleachtais agus i nósanna imeachta náisiúnta maidir le hathlonnú a laghdú, ba cheart nós imeachta comhchoiteann in éineacht le critéir chomhchoiteanna incháilitheachta agus na forais chomchoiteanna le haghaidh diúltú don ligean isteach a leagan síos, chomh maith le prionsabail chomhchoiteanna maidir leis an stádas a thabharfar do dhaoine a ligtear isteach.

(14) Leis an nós imeachta comhchoiteann um ligean isteach, ba cheart tógáil ar thaithí agus caighdeáin na mBallstát maidir le hathlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil agus, más infheidhme, ar thaithí agus caighdeáin UNHCR.

(15) Ba cheart ligean isteach ball teaghlaigh náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát a bhfuil cónaí orthu go dleathach i mBallstát, nó saoránaigh den Aontas, a bheith gan dochar do na cearta a leagtar síos i dTreoir 2003/86/CE ón gComhairle[4], Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] nó don dlí náisiúnta maidir le hathaontú teaghlaigh. Dá bhrí sin, ba cheart an ligean isteach sin a bheith dírithe ar na baill teaghlaigh nach dtagann faoi raon feidhme na dTreoracha sin nó an dlí náisiúnta ábhartha, nó nach bhféadfaí a athaontú lena dteaghlaigh ar chúiseanna eile.

---

4 Treoir 2003/86/CE ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le ceart chun athaontú teaghlaigh (IO L 251, 3.10.2003, lch. 12).

5 Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus bhaill a dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

(16) Chun aontacht teaghlaigh a áirithiú, ba cheart baill uile teaghlaigh a bhfuil ar intinn ag Ballstát nós imeachta um ligean isteach a sheoladh ina leith, atá incháilithe agus nach mbaineann na forais le haghaidh diúltú leo a ligean isteach le chéile a mhéid is féidir mar ghnáthchleachtas. Más rud é nach féidir an méid sin a dhéanamh, ba cheart baill teaghlaigh nach ligtear isteach le chéile a ligean isteach a luaithe is féidir tráth níos déanaí. Agus paraiméadair teaghlaigh áirithe á gcinneadh acu a bhfuil náisiúnach tríú tír nó duine gan stát spleách air, amhail dá dtagraítear sa Rialachán seo, ba cheart do na Ballstáit a aithint go bhféadfaidh an caidreamh leathnaithe a bheith ina líne dheiridh chosanta do dhaoine aonair a bhíonn ag brath go heisiach ar an teaghlach chun maireachtáil, agus chun tacaíocht shíceolaíoch agus cúram mothúchánach a fháil.

(17) Ba cheart a chur ar a gcumas do na Ballstáit a roghnú cé dó a seolfaí nós imeachta um ligean isteach ina leith bunaithe ar thosca a bhaineann le comhdhéanamh teaghlaigh. Ag an rogha sin á déanamh acu, ba cheart do na Ballstáit prionsabal aontacht an teaghlaigh a urramú. Ba cheart a bheith ar chumas na mBallstát a éileamh ar náisiúnaigh tríú tír nó ar dhaoine gan stát an gaol teaghlaigh a léiriú.

(18) Maidir le coincheap na contúirte don tsláinte phoiblí, tuigtear gur galar atá i gceist lena mbaineann baol eipidéime de réir bhrí Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda Sláinte.

(19) Cuimsítear na céimeanna seo a leanas sa nós imeachta um ligean isteach: tarchur, i gcás inarb infheidhme, sainaithint, clárú, measúnú agus conclúid maidir le ligean isteach comh maith le, i gcás athlonnaithe, cinneadh maidir le cosaint idirnáisiúnta a dheonú nó, i gcás ligean isteach ar fhoras daonnúil, cinneadh maidir le cosaint idirnáisiúnta nó stádas daonnúil a dheonú faoin dlí náisiúnta.

(20) Ciallaíonn conclúid dhearfach maidir le ligean isteach gur ghlac an Ballstát a tháinig ar an gconclúid sin le duine a ligean isteach ar seoladh nós imeachta um ligean isteach ina leith chun críche athlonnaithe nó ligean isteach ar fhoras daonnúil. Ciallaíonn conclúid dhiúltach maidir le ligean isteach nár ghlac an Ballstát lena mbaineann le ligean isteach an duine sin.

(21) Sula ndéanfar cosaint idirnáisiúnta a dheonú, ba cheart measúnú iomlán a dhéanamh ar riachtanais cosanta idirnáisiúnta an náisiúnaigh tríú tír nó an duine gan stát.

(22) I gcás ligean isteach éigeandála, ba cheart dlús a chur leis an measúnú ar na ceanglais maidir le ligean isteach a bhunaítear faoin Rialachán seo. Níor cheart go mbeadh ceangal idir ligean isteach éigeandála agus na réigiúin nó na tríú tíortha óna dtarlóidh an ligean isteach sin de bhun an Rialacháin seo. Ba cheart na Ballstáit uile a spreagadh chun áiteanna le haghaidh ligean isteach éigeandála a chur ar fáil.

(23) Ba cheart nós imeachta um ligean isteach a thabhairt chun críche a luaithe is féidir, agus á áirithiú ag an am céanna go mbeidh dóthain ama ag na Ballstáit chun scrúdú leordhóthanach a dhéanamh ar gach cás. Ba cheart do na Ballstáit gach iarracht a dhéanamh lena áirithiú go rachaidh náisiúnach tríú tír nó duine gan stát, ar thángthas ar chonclúid dhearfach ina leith maidir le ligean isteach, isteach ina gcríoch tráth nach déanaí ná 12 mhí ón dáta a thángthas ar an gconclúid sin.

(24) Ba cheart aon sonraí pearsanta maidir le daoine a ndeonaítear cosaint idirnáisiúnta nó stádas daonnúil náisiúnta dóibh i gcomhréir leis an Rialachán seo a stóráil go ceann 5 bliana ón dáta clárúcháin ar an leibhéal náisiúnta. Ba cheart a mheas gur leor an tréimhse 5 bliana sin chun críocha an nós imeachta um ligean isteach, ós rud é go mbeidh cónaí ar thromlach na ndaoine sin san Aontas ar feadh roinnt blianta agus go mbeidh saoránacht Ballstáit faighte acu. Ós rud é gur cheart de bhun an Rialacháin seo, ligean isteach a dhiúltú do náisiúnaigh tríú tír nó do dhaoine gan stát, ar diúltaíodh ligean isteach i mBallstát dóibh le linn na 3 bliana roimh an ligean isteach toisc go raibh forais réasúnacha ann lena mheas ina leith go mbeadh siad ina gcontúirt do phobal, do bheartas poiblí, do shlándáil nó do shláinte phoiblí an Bhallstáit a bhfuil an comhad maidir le ligean isteach á scrúdú aige, nó ar na forais gur eisíodh foláireamh i gCóras Faisnéise Schengen, nó i mbunachar sonraí náisiúnta de chuid Ballstáit chun ligean isteach a dhiúltú, ba cheart a sonraí a stóráil ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta ar thángthas ar an gconclúid dhiúltach maidir le ligean isteach. Ós rud é go bhféadfaí ligean isteach a dhiúltú faoi théarmaí an Rialacháin seo do náisiúnaigh tríú tír nár thug nó nár tharraing siar a dtoiliú go ligfí isteach i mBallstát ar leith iad le linn na 3 bliana roimh an ligean isteach, ba cheart na sonraí a stóráil ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta scoir. Ba cheart an tréimhse stórála a bheith níos giorra i gcásanna speisialta áirithe i gcás nach bhfuil aon ghá sonraí pearsanta a choinneáil chomh fada sin. Ba cheart sonraí pearsanta a bhaineann le náisiúnach tríú tír nó le duine gan stát a scriosadh láithreach agus go buan a luaithe a fhaigheann an duine sin saoránacht Ballstáit.

(25) Níl aon cheart ann ligean isteach a iarraidh nó ligean isteach a fháil ó Bhallstát. Thairis sin, níl aon oibleagáid ar na Ballstáit duine a ligean isteach de bhun an Rialacháin seo.

(26) Ba cheart an t-athlonnú a bheith ar an bpríomhchineál ligin isteach, agus an ligean isteach ar fhoras daonnúil agus an ligean isteach éigeandála mar chomhlánú air sin, de réir mar is iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar chúinsí ar leith.

(27) Ba cheart a bheith mar sprioc ag Creat an Aontais go mbeadh na Ballstáit uile ag rannchuidiú le Plean an Aontais a chur chun feidhme agus go mbeadh dlús á chur acu leis an méid atá ar bun acu i dtaca leis an athlonnú agus an ligean isteach ar fhoras daonnúil d'fhonn rannchuidiú ar bhealach suntasach leis na riachtanais maidir le hathlonnú domhanda a bhaint amach, lena n-áirítear cásanna éigeandála.

(28) Chuige sin, ba cheart don Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] cúnamh spriocdhírithe a chur ar fáil i bhfoirm dreasachtaí airgeadais don uile dhuine a ligtear isteach i gcomhréir le Creat an Aontais, agus ar mhaithe le gníomhaíochtaí lena mbunófar an bonneagar cuí agus na seirbhísí cuí chun Creat an Aontais a chur chun feidhme.

---

[6] Rialachán (AE) 2021/1147 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (IO L 251, 15.7.2021, lch. 1).

(29) Ba cheart do Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann ('an Ghníomhaireacht um Thearmann') a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7], tacú leis na Ballstáit, arna iarraidh sin dóibh agus i gcomhréir lena sainordú, chun Plean an Aontais a chur chun feidhme, amhail trí chuidiú leo gnéithe áirithe den nós imeachta um ligean isteach a chur chun feidhme agus tríd an gcomhar teicniúil a chomhordú agus an chomhroinnt bonneagair eatarthu a éascú.

(30) Ba cheart comhroinnt dea-chleachtais idir na gníomhaithe éagsúla atá páirteach san athlonnú agus sa ligean isteach ar fhoras daonnúil a chur chun cinn sna fóraim ábhartha, lena n-áirítear sna Comhairliúcháin maidir le hAthlonnú agus conairí comhlántacha.

(31) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Creat an Aontais a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Chomhairle chun Plean Aontais 2 bhliain a bhunú agus a leasú, lena leagfar síos líon iomlán na ndaoine a bheidh le ligean isteach agus lena léireofar an chuid den líon sin ba cheart a dhíriú ar athlonnú, ar ligean isteach ar fhoras daonnúil agus ar ligean isteach éigeandála, sonraí maidir le rannpháirtíocht na mBallstát i bPlean an Aontais agus a rannchuidiú i leith líon iomlán na ndaoine a bheidh le ligean isteach, cur síos ar an ngrúpa sonrach nó ar na grúpaí sonracha daoine ar cheart feidhm a bheith ag Plean an Aontais maidir leo, agus sonrú na réigiún nó na dtríú tíortha óna mbeidh daoine á ligean isteach.

---

[7] Rialachán (AE) 2021/2303 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 2021 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (IO L 468, 30.12.2021, lch. 1).

(32) Tá údar maith leis na cumhachtaí cur chun feidhme sin a thabhairt don Chomhairle ó tharla go bhfuil baint ag na cumhachtaí cur chun feidhme sin le cumhachtaí feidhmiúcháin náisiúnta i ndáil le náisiúnaigh tríú tír a ligean isteach ar chríoch na mBallstát.

(33) Rannchuidithe le réigiúin nua nó tríú tíortha lena n-urramaítear go hiomlán an léiriú, a chuir na Ballstáit in iúl ar bhonn deonach ag an gCoiste Ardleibhéil um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil (Coiste Ardleibhéil), trí ath-leithdháileadh na rannchuidithe atá ann cheana nó trí rannchuidithe nua, d'fhéadfaí iad a áireamh ar na leasuithe ar Phlean an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar chúinsí nua.

(34) Ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme sin a fheidhmiú ar thogra ón gCoimisiún maidir le líon iomlán na ndaoine a bheidh le ligean isteach agus maidir le sonrú na réigiún nó na dtríú tíortha óna mbeidh daoine á ligean isteach, lena n-urramaítear go hiomlán an léiriú ar bhonn deonach a chuir na Ballstáit in iúl sula ndearnadh an togra ag an gCoiste Ardleibhéil. Ba cheart don Choimisiún a thogra le haghaidh Phlean an Aontais a dhéanamh i gcomhthráth lena thogra maidir le dréachtbhuiséad bliantúil an Aontais sa bhliain roimh an tréimhse 2 bhliain ina bhfuil plean an Aontais le cur chun feidhme. Ba cheart don Choimisiún a thogra le haghaidh leasú ar Phlean an Aontais a dhéanamh i gcomhthráth le togra comhfhreagrach maidir leis an dréachtbhuiséad leasaitheach i gcás inar gá. Ba cheart a bheith d'aidhm ag an gComhairle an togra a ghlacadh laistigh de 2 mhí.

(35) Ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha maidir le hinneachar na cosanta idirnáisiúnta atá san *acquis* tearmainn ón tráth a shroicheann duine a ligtear isteach ar deonaíodh cosaint idirnáisiúnta dó nó di ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann nó, i gcás ina ndeonaítear cosaint idirnáisiúnta tar éis don duine lena mbaineann teacht i dtír ar chríoch an Bhallstáit, ón tráth a dheonaítear cosaint idirnáisiúnta don duine sin.

(36) Tá sé tábhachtach daoine a ligtear isteach a lánpháirtiú ina sochaí óstach chun go n-éireoidh leis an nós imeachta um ligean isteach. Ba cheart an rochtain chéanna ar bhearta lánpháirtíochta a bheith ag daoine a ligtear isteach agus atá ag tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8+]. Níor cheart do na Ballstáit a bheith in ann rannpháirtíocht sna bearta lánpháirtíochta sin a cheangal ach amháin má tá na bearta lánpháirtíochta sin inrochtana go héasca, ar fáil agus saor in aisce. Ba cheart do na Ballstáit freisin, i gcás ina meastar é a bheith indéanta, clár insealbhaithe réamhimeachta a thairiscint do náisiúnaigh tríú tír nó do dhaoine gan stát. D'fhéadfaí a áireamh i gclár den sórt sin faisnéis faoina gcearta agus a n-oibleagáidí, ranganna teanga, agus faisnéis faoin staid shóisialta, chultúrtha agus pholaitiúil sa Bhallstát. D'fhéadfaí faisnéis den sórt sin a sholáthar freisin tar éis an dul isteach ar chríoch an Bhallstáit lena mbaineann nó a chur san áireamh i mbearta lánpháirtíochta, agus leochaileachtaí ar leith an duine a ligtear isteach á gcur san áireamh. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann cláir insealbhaithe iartheachta a shocrú a bheadh saincheaptha do riachtanais daoine a ligtear isteach chun treoir a thabhairt do na daoine sin, go háirithe, maidir le teanga an Bhallstáit óstaigh a fhoghlaim, oideachas, rochtain ar an margadh saothair, agus a leochaileachtaí sonracha á gcur san áireamh. I socruithe atá le socrú ag na Ballstáit, ba cheart baint a bheith ag na comhlachtaí agus na daoine lena mbaineann, mar shampla, údaráis áitiúla agus daoine a ligeadh isteach cheana, a mhéid is féidir, le cur chun feidhme cláir den sórt sin.

---

[8] Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle … maidir le caighdeáin i dtaca le cáilitheacht náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát mar thairbhithe de chosaint idirnáisiúnta, i dtaca le stádas aonfhoirmeach do dhídeanaithe nó do dhaoine atá incháilithe le haghaidh cosaint choimhdeach agus i dtaca lena bhfuil sa chosaint a dheonaítear, lena leasaítear Treoir 2003/109/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2011/95/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, …, ELI: …).

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)) agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin.

(37) Ba cheart gluaiseacht thánaisteach gach duine a ligeadh isteach faoin Rialachán seo, lena n-áirítear i gcás inar deonaíodh stádas daonnúil faoin dlí náisiúnta, a dhíspreagadh. Ba cheart do na Ballstáit, faoi chuimsiú dhlí agus bheartas an Aontais, comhoibriú go héifeachtach chun daoine a ligeadh isteach i gcomhréir leis an Rialachán seo agus a bhfuarthas i mBallstát iad nach bhfuil ceart ar bith acu fanacht ann a athligean isteach gan moill mhíchuí.

(38) Gan dochar don cheart iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, féadfaidh na Ballstáit, i gcás ligean isteach ar fhoras daonnúil, teacht ar chonclúid maidir le ligean isteach náisiúnaigh tríú tír nó duine gan stát ar a gcríoch bunaithe ar mheastóireacht tosaigh agus stádas daonnúil a dheonú don duine sin faoin dlí náisiúnta.

(39) Ba cheart foráil a dhéanamh leis an stádas daonnúil faoin dlí náisiúnta do chearta agus d'oibleagáidí atá comhionann leo siúd in Airteagail 20 go 26 agus 28 go 35 de Rialachán (AE) …/…[+] do thairbhithe de chosaint choimhdeach. Is i gcás cúinsí nua amháin is ceart stádas mar sin a tharraingt siar nó i gcás ina dtagann fianaise nua chun cinn maidir le hincháilitheacht an duine tar éis an chinnidh maidir le stádas a dheonú.

---

[+] Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)).

(40) I gcomhréir le Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9++], chun léiriú cuimsitheach a thabhairt ar iarrachtaí gach Ballstáit, ba cheart líon na náisiúnach tríú tír arna ligean isteach ag na Ballstáit trí scéimeanna náisiúnta um athlonnú nó ligean isteach ar fhoras daonnúil agus scéimeanna um athlonnú nó ligean isteach ar fhoras daonnúil de chuid an Aontais a chur san áireamh agus staid fhoriomlán an Aontais á measúnú mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil Eorpach maidir le Tearmann agus Imirce.

(41) I bhfianaise an tsaineolais atá ag UNHCR maidir le héascaíocht a dhéanamh ar na foirmeacha éagsúla um ligean isteach daoine ó thríú tíortha a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, ar easáitíodh chucu iad, chuig Ballstáit a thoiligh iad a ligean isteach, ba cheart do UNHCR leanúint de ról tábhachtach a bheith aige faoi Chreat an Aontais. Ba cheart a bheith in ann a iarraidh ar ghníomhaithe idirnáisiúnta i dteannta UNHCR, amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce, cabhrú leis na Ballstáit chun Creat sin an Aontais a chur chun feidhme.

---

[9] Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, …, ELI: …).

[++] Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 21/24 (2020/0279(COD)) agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin.

(42) Ba cheart Coiste Ardleibhéil a bhunú ionas go bhféadfaí dul i mbun comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí maidir le Creat an Aontais a chur chun feidhme. Ba cheart don Choiste Ardleibhéil comhairle a chur ar an gCoimisiún ar shaincheisteanna a bhaineann le Creat an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le líon molta daoine a bheidh le ligean isteach agus na réigiúin nó tríú tíortha ar cheart an ligean isteach a dhéanamh astu, agus Riachtanais Réamh-Mheasta UNHCR maidir le hAthlonnú Domhanda á gcur san áireamh. Ba cheart don Choiste Ardleibhéil a bheith in ann moltaí a dhéanamh. Ba cheart don Choimisiún a iarraidh ar na Ballstáit sonraí a rannpháirtíochta a chur in iúl ar bhonn deonach ag an gcruinniú a bheidh ag an gCoiste Ardleibhéil, lena n-áirítear cineál an ligin isteach agus na tíortha as a ndéanfar an ligean isteach, agus a rannchuidithe i leith líon iomlán na ndaoine a ligfear isteach faoi Phlean an Aontais.

(43) Ba cheart tacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na mBallstát maidir le hathlonnú agus le ligean isteach ar fhoras daonnúil faoin Rialachán seo le maoiniú iomchuí ó bhuiséad ginearálta an Aontais. Chun feidhmiú cuí inbhuanaithe Chreat an Aontais a chumasú, ba cheart Rialachán (AE) 2021/1147 a leasú.

(44) Ní dhéantar difear leis an Rialachán seo do chumas na mBallstát scéimeanna náisiúnta athlonnaithe a ghlacadh nó a chur chun feidhme, mar shampla, sa chás ina gcuirtear líon breise áiteanna le haghaidh ligean isteach le líon iomlán na ndaoine a bheidh le ligean isteach faoi Phlean an Aontais.

(45) Ba cheart comhlántacht le tionscnaimh leanúnacha um athlonnú agus um ligean isteach ar fhoras daonnúil a dhéantar faoi chuimsiú chreat an Aontais a áirithiú.

(46) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear go háirithe le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ba cheart é a chur i bhfeidhm dá bhrí sin ar bhealach atá comhsheasmhach leis na cearta agus prionsabail sin, go háirithe maidir le cearta an linbh, an ceart ar urramú shaol an teaghlaigh agus prionsabal ginearálta an neamh-idirdhealaithe.

(47) Aon phróiseáil a dhéanfaidh údaráis na mBallstát ar shonraí pearsanta faoi chuimsiú an Rialacháin seo, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10].

(48) Aon phróiseáil a dhéanann an Ghníomhaireacht um Thearmann ar shonraí pearsanta faoi chuimsiú an Rialacháin seo, ba cheart í a dhéanamh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11], chomh maith le Rialachán (AE) 2021/2303 agus ba cheart di prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta a urramú.

---

**10** Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

**11** Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(49) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialachán seo, eadhon Creat Aontais a bhunú, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí Chreat an Aontais um Athlonnú, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE). I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(50) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(51) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Ábhar*

1. Leis an Rialachán seo:

   (a) bunaítear Creat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil ('Creat an Aontais') chun náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a ligean isteach ar chríoch na mBallstát d'fhonn an méid seo a leanas a dheonú dóibh, i gcomhréir leis an Rialachán seo:

      (i) cosaint idirnáisiúnta; nó

      (ii) stádas daonnúil faoin dlí náisiúnta lena bhforáiltear do chearta agus d'oibleagáidí atá comhionann leo siúd arna mbunú in Airteagail 20 go 16 agus 28 go 35 de Rialachán (AE) …/…[+] do thairbhithe de chosaint choimhdeach; agus

   (b) leagtar síos rialacha maidir le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a ligean isteach, trí athlonnú nó trí ligean isteach ar fhoras daonnúil, ar chríoch na mBallstát chun críche an Rialachán seo a chur chun feidhme.

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)).

2. Ní bhunaítear, leis an Rialachán seo, i gcás náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát an ceart ligean isteach a iarraidh ná ní bhunaítear leis an ceart ar ligean isteach ar chríoch Ballstáit.

3. Ní fhorchuirtear oibleagáid ar Bhallstáit náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a ligean isteach leis an Rialachán seo.

4. Rannchuideoidh na Ballstáit le Plean an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil ('Plean an Aontais') dá dtagraítear in Airteagal 8 é, ar bhonn deonach. Is ar bhonn deonach a bheidh an léiriú a thabharfaidh na Ballstáit sa Choiste Ardleibhéal um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil a bunaíodh de bhun Airteagal 11 maidir le sonraí a rannpháirtíochta, lena n-áirítear cineál an ligin isteach agus na réigiúin nó na tríú tíortha as a ndéanfar an ligean isteach, agus a rannchuidithe i leith líon iomlán na ndaoine a ligfear isteach faoi Phlean an Aontais.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'athlonnú' náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ó thríú tír ar easáitíodh an duine sin chuici a ligean isteach chuig críoch Ballstáit tar éis tarchur ó Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR), agus ar duine an duine sin a bhfuil an méid seo a leanas fíor ina leith:

(a) tá an té sin incháilithe le haghaidh ligean isteach de bhun Airteagal 5(1);

(b) ní thagann an té sin faoi na forais le haghaidh diúltú a leagtar amach in Airteagal 6; agus

(c) deonaítear cosaint idirnáisiúnta dó nó di i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta agus tá rochtain aige nó aici ar réiteach marthanach;

(2) ciallaíonn 'cosaint idirnáisiúnta' cosaint idirnáisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) …/…[+];

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)).

(3) ciallaíonn 'ligean isteach ar fhoras daonnúil' náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ar easáitíodh ó thríú tír go foréigneach an duine sin a ligean isteach ar chríoch Ballstáit é nó í, tar éis tarchur, arna iarraidh sin do Bhallstát, ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann ('an Ghníomhaireacht um Thearmann'), ó UNHCR nó ó chomhlacht ábhartha idirnáisiúnta eile, agus a bhfuil, ar a laghad, ar bhonn measúnú tosaigh, an méid seo a leanas fíor ina leith:

(a) tá sé nó sí incháilithe le haghaidh ligean isteach de bhun Airteagal 5(2);

(b) ní thagann sé nó sí faoi na forais le haghaidh diúltú a leagtar amach in Airteagal 6; agus

(c) deonaítear dó nó di cosaint idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 9(17), den Rialachán seo nó stádas daonnúil faoin dlí náisiúnta, lena bhforáiltear do chearta agus d'oibleagáidí atá coibhéiseach leis na cearta agus na hoibleagáidí sin a bhunaítear in Airteagail 20 go 26 agus 28 go 35 de Rialachán (AE) …/…[+] do thairbhithe de chosaint choimhdeach;

(4) ciallaíonn 'ligean isteach éigeandála' ligean isteach trí dhaoine, a bhfuil riachtanais dhlíthiúla nó cosanta fisiciúla phráinneacha nó riachtanais mhíochaine láithreacha acu, a athlonnú nó a ligean isteach ar fhoras daonnúil.

+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)).

*Airteagal 3*

*Creat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil*

Déanfar an méid seo a leanas le Creat an Aontais (Creat an Aontais):

(a) foráil a dhéanamh do náisiúnaigh tríú tír nó do dhaoine gan stát, atá incháilithe do ligean isteach agus nach dtagann faoi na forais le haghaidh diúltú faoin Rialachán seo, teacht isteach go dleathach agus go sábháilte ar chríoch Ballstáit ag féachaint le cosaint idirnáisiúnta a dheonú dóibh i gcomhréir leis an Rialachán seo nó le stádas daonnúil a dheonú dóibh faoin dlí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2(3), pointe (c), agus a mholadh do na Ballstáit go léir dlús a chur leis an méid atá ar bun acu chuige sin;

(b) cuidiú le rannchuidiú an Aontais i dtaobh tionscnaimh idirnáisiúnta um athlonnú agus um ligean isteach ar fhoras daonnúil d'fhonn cur le líon foriomlán na n-áiteanna atá ar fáil ar mhaithe le hathlonnú agus le ligean isteach ar fhoras daonnúil;

(c) rannchuidiú le comhpháirtíochtaí an Aontais le tríú tíortha a neartú i réigiúin ina bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth ar líon mór daoine iontu a easáitíodh.

*Airteagal 4*

*Na réigiúin nó na tríú tíortha as a ndéanfar athlonnú nó ligean isteach ar fhoras daonnúil Aontais a chinneadh*

Beidh cinneadh na réigiún nó na dtríú tíortha óna mbeidh daoine á n-athlonnú nó á ligean isteach ar fhoras daonnúil san Aontas bunaithe ar an méid seo a leanas den chuid is mó:

(a) Riachtanais Réamh-mheasta UNHCR maidir le hAthlonnú Domhanda;

(b) an deis a bheidh ann feabhas a chur ar thimpeallacht na cosanta agus cur leis an spás cosanta i dtríú tíortha;

(c) scála agus inneachar na ngealltanas um athlonnú nó ligean isteach ar fhoras daonnúil atá déanta ag tríú tíortha, d’fhonn cuidiú go comhpháirteach le freastal ar Riachtanais UNHCR maidir le hAthlonnú Domhanda.

*Airteagal 5*

*Incháilitheacht don ligean isteach*

1. Chun críocha athlonnaithe, beidh na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát seo a leanas incháilithe do ligean isteach, ar an gcoinníoll go dtagann siad faoi cheann amháin ar a laghad de na catagóirí dá dtagraítear i mír 3, pointe (a):

   (a) náisiúnaigh tríú tír atá lasmuigh dá dtír náisiúntachta de bharr eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint mar gheall ar chine, ar reiligiún, ar náisiúntacht, ar thuairim pholaitiúil nó ar bhallraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 10 de Rialachán AE …/…[+] agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin, nó daoine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo ar na cúiseanna céanna agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach filleadh ar an tír sin; nó

   (b) náisiúnaigh tríú tír atá lasmuigh de thír a náisiúntachta nó daoine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo agus ar léiríodh forais thromchúiseacha ina leith lena chreidiúint, ach iad a fhilleadh ar a dtír tionscnaimh nó i gcás daoine gan stát, ar an tír ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo, go mbeadh fíorbhaol ann go bhfulaingeoidís díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) …/…[+] agus nach bhfuil in ann nó, mar gheall ar an mbaol sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as an gcosaint ón tír sin.

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)).

Daoine ar cuireadh deireadh, ar chúis ar bith, leis an gcosaint nó leis an gcúnamh a fhaigheann siad ó orgáin nó ó ghníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe cé is moite de UNHCR, gan seasamh na ndaoine sin a bheith réitithe go cinnteach i gcomhréir leis na rúin ábhartha arna nglacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, measfar go mbeidh na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa mhír seo.

2. Chun críocha ligean isteach ar fhoras daonnúil, beidh na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát seo a leanas incháilithe do ligean isteach ar an gcoinníoll go dtagann siad, ar a laghad ar bhonn measúnú tosaigh, faoi cheann amháin ar a laghad de na catagóirí dá dtagraítear i mír 3:

(a) náisiúnaigh tríú tír atá lasmuigh de thír a náisiúntachta de bharr eagla a bhfuil bunús maith léi roimh ghéarleanúint mar gheall ar chine, ar reiligiún, ar náisiúntacht, ar thuairim pholaitiúil nó ar bhallraíocht i ngrúpa sóisialta áirithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 10 de Rialachán (AE) …/…[+] agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin, nó daoine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo ar na cúiseanna sin agus nach bhfuil in ann nó, de bharr eagla den sórt sin, nach bhfuil toilteanach, filleadh ar an tír sin; nó

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)).

(b) náisiúnaigh tríú tír atá lasmuigh de thír a náisiúntachta nó daoine gan stát atá lasmuigh den tír ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo agus ar léiríodh forais thromchúiseacha ina leith lena chreidiúint, ach iad a fhilleadh ar a dtír tionscnaimh nó i gcás daoine gan stát, ar an tír ina raibh gnáthchónaí orthu roimhe seo, go mbeadh fíorbhaol ann go bhfulaingeoidís díobháil thromchúiseach mar a shainmhínítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) …/…[+] agus nach bhfuil in ann nó, mar gheall ar an mbaol sin, nach bhfuil toilteanach leas a bhaint as an gcosaint ón tír sin.

Daoine ar cuireadh deireadh, ar chúis ar bith, leis an gcosaint nó leis an gcúnamh a fhaigheann siad ó orgáin nó ó ghníomhaireachtaí de chuid na Náisiún Aontaithe cé is moite de UNHCR, gan seasamh na ndaoine sin a bheith réitithe go cinnteach i gcomhréir leis na rúin ábhartha arna nglacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, measfar go mbeidh na critéir incháilitheachta a leagtar amach sa mhír seo.

3. Chun go mbeidh náisiúnach tríú tír nó duine gan stát incháilithe don ligean isteach de bhun an Airteagail seo, tiocfaidh sé nó sí faoi chuimsiú ceann amháin de na catagóirí seo a leanas ar a laghad:

(a) daoine leochaileacha, lena gcuimsítear:

(i) mná agus cailíní i mbaol;

(ii) mionaoisigh, lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha;

(iii) daoine a d'fhulaing foréigean nó céastóireacht, lena n-áirítear ar bhonn inscne nó gnéaschlaonta;

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)).

(iv) daoine a bhfuil riachtanais chosanta dhlíthiúla agus/nó fisiciúla acu, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le cosaint ar *refoulement*;

(v) daoine a bhfuil riachtanais leighis acu, lena n-áirítear i gcás nach bhfuil cóireáil a choinneodh beo iad ar fáil sa tír ar easáitíodh chuici go foréigneach;

(vi) daoine atá faoi mhíchumas;

(vii) daoine nach ann d'aon réiteach inmharthanach eile dóibh, go háirithe iad sin ar dídeanaithe iad le fada an lá;

(b) i gcás ligean isteach ar fhoras daonnúil, na baill teaghlaigh, dá dtagraítear i mír 4, de chuid náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a bhfuil cónaí orthu go dleathach i mBallstát, nó de chuid saoránaigh den Aontas.

4. Chun aontacht an teaghlaigh a áirithiú, beidh na baill teaghlaigh seo a leanas de chuid náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát incháilithe freisin do ligean isteach:

(a) an céile nó an páirtí neamhphósta, a bhfuil caidreamh seasmhach eatarthu, i gcás ina ndéileáiltear i ndlí nó i gcleachtas an Bhallstáit lena mbaineann le lánúineacha neamhphósta ar dhóigh is inchomparáide leis an dóigh a ndéileáiltear le lánúineacha pósta faoina dhlí maidir le náisiúnaigh tríú tíortha nó daoine gan stát;

(b) leanaí mionaoiseacha ar choinníoll nach bhfuil siad pósta agus is cuma cé acu a rugadh nó nár rugadh iad taobh istigh den phósadh nó is cuma cé acu a uchtaíodh nó nár uchtaíodh nó a aithníodh nó nár aithníodh iad mar a shainmhínítear faoin dlí náisiúnta;

(c) an t-athair, an mháthair nó duine fásta eile atá freagrach as mionaoiseach neamhphósta, bíodh sin de réir dhlí nó chleachtas an Bhallstáit lena mbaineann;

(d) siblín nó siblíní;

(e) náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát atá i gcleithiúnas a linbh nó a dtuismitheora nó baill eile dá dteaghlach le haghaidh cúnaimh mar gheall ar thoircheas, leanbh nuabheirthe, breoiteacht meabhrach nó fisiceach throm, míchumas trom nó seanaois, ar choinníoll go raibh naisc teaghlaigh eatarthu sa tír thionscnaimh, go bhfuil an leanbh nó an tuismitheoir nó an ball eile den teaghlach in ann aire a thabhairt don chleithiúnaí agus gur chuir na daoine lena mbaineann a mian in iúl i scríbhinn.

Agus an mhír seo á cur i bhfeidhm, tabharfaidh na Ballstáit aird chuí ar leas an linbh. Más mionaoiseach pósta ach nach bhfuil a nuachar á thionlacan é an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát, féadfar a mheas gurb é leas an mhionaoisigh bheith le teaghlach bunaidh an mhionaoisaigh.

*Airteagal 6*

*Na forais chun ligean isteach a dhiúltú*

1. Seo a leanas na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát a ndéanfar ligean isteach a dhiúltú dóibh faoin Rialachán seo:

(a) daoine a n-aithníonn údaráis inniúla na tíre ina ndeachaigh siad chun cónaithe go bhfuil na cearta acu agus na hoibleagáidí orthu a ghabhann le náisiúntacht na tíre sin a bheith ag duine, nó cearta agus oibleagáidí atá coibhéiseach leis na cearta agus leis na hoibleagáidí sin;

(b) daoine ar maidir leo atá cúiseanna réasúnta ann lena mheas:

(i) go ndearna siad coir i gcoinne na síochána, coir chogaidh, nó coir i gcoinne na daonnachta, mar a shainítear sna hionstraimí idirnáisiúnta a tarraingíodh suas le foráil a dhéanamh i ndáil le coireanna den sórt sin;

(ii) go ndearna siad coir thromchúiseach;

(iii) go raibh siad ciontach i ngníomhartha atá contrártha le cuspóirí agus le prionsabail na Náisiún Aontaithe mar a leagtar amach iad sa Bhrollach agus in Airteagal 1 agus in Airteagal 2 de Chairt na Náisiún Aontaithe;

(c) daoine a bhfuil cúiseanna réasúnta ann lena mheas ina leith gur contúirt iad do phobal, do bheartas poiblí, do shlándáil nó do shláinte phoiblí an Bhallstáit atá i mbun scrúdúcháin ar an gcomhad maidir le ligean isteach;

(d) daoine a bhfuil foláireamh eisithe ina leith i gCóras Faisnéise Schengen nó i mbunachar sonraí de chuid Ballstáit chun críoch ligean isteach a dhiúltú;

(e) daoine dar dheonaigh Ballstáit cosaint idirnáisiúnta nó stádas daonnúil faoin dlí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (3)(c);

(f) daoine ar dhiúltaigh Ballstát iad a ligean isteach de bhun phointe (c) nó (d) den fhomhír seo, le linn na 3 bliana roimh an ligin isteach.

Beidh feidhm ag pointe (b) den chéad fhomhír freisin i dtaca le daoine a spreagann, nó atá rannpháirteach seachas sin, i ndéanamh na gcoireanna nó na ngníomhaíochtaí a luaitear ann.

2. Seo a leanas na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát a bhféadfar ligean isteach a dhiúltú dóibh:

(a) daoine nár thug nó a tharraing siar sna 3 bliana roimh dóibh a bheith ligthe isteach, toiliú a bheith ligthe isteach i mBallstát ar leith dá dtagraítear in Airteagal 7, ar choinníoll gur cuireadh ar an eolas iad maidir le hiarmhairtí na tarraingthe siar sin i gcomhréir le hAirteagal 9(4), pointe (b);

(b) daoine a rinne coir nó coireanna atá lasmuigh de raon feidhme mhír 1, an chéad fhomhír, pointe (b), agus a bheadh inphionóis le príosúnacht ar feadh bliana ar a laghad dá mba sa Bhallstát a bhfuil an comhad um ligean isteach á scrúdú aige a dhéanfaí iad, ach amháin dá mbeadh an cúiseamh nó an pionós faoi urchosc reachta nó, i gcás ciontuithe i gcion den chineál sin, dá mbainfí iontráil a bhaineann leis an gciontú sin ón taifead náisiúnta coiriúil, de réir dhlí an Bhallstáit a bhfuil an comhad um ligean isteach á scrúdú aige;

(c) daoine a dhiúltaíonn a bheith rannpháirteach i gclár insealbhaithe réamhimeachta dá dtagraítear in Airteagal 9(22);

(d) daoine nach féidir le Ballstát an tacaíocht leordhóthanach atá ag teastáil uathu ar bhonn leochaileacht na ndaoine sin a sholáthar dóibh.

3. Beidh feidhm ag na forais dá bhforáiltear san Airteagal seo ar choinníoll go gcuirfear chun feidhme iad gan idirdhealú, ar bhonn inter alia gnéas, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach.

*Airteagal 7*

*Toiliú*

1. Beidh feidhm ag an nós imeachta um ligean isteach a leagtar síos in Airteagal 9 maidir le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a thug a dtoiliú go ligfí isteach iad agus nár tharraing siar ina dhiaidh sin a dtoiliú, lena n-áirítear trí dhiúltú do bheith ligthe isteach i mBallstát ar leith.

2. I gcás ina mainníonn náisiúnach tríú tír nó duine gan stát sonraí nó faisnéis atá ar fáil agus atá riachtanach do sheoladh an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 9(3) a sholáthar nó i gcás ina dteipeann air freastal ar an agallamh pearsanta dá bhforáiltear in Airteagal 9(6), féadfar a mheas gur tharraing an duine sin siar go hintuigthe toiliú le ligean isteach dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ach amháin murar cuireadh an duine ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 9(4) go gcomhlíonann sé na hoibleagáidí laistigh de thréimhse réasúnta ama, nó gur féidir leis a léiriú gurbh iad imthosca nach raibh neart ag an duine sin orthu ba chúis leis an mainneachtain sonraí nó faisnéis a sholáthar nó freastal ar an agallamh pearsanta.

*Airteagal 8*

*Plean an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil*

1. Ar bhonn togra ón gCoimisiún, glacfaidh an Chomhairle, trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, Plean 2 bhliain an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil (Plean an Aontais) sa bhliain roimh an tréimhse 2 bhliain ina bhfuil sé le cur chun feidhme.

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoina dhréachtphlean Aontais gan mhoill, agus tabharfaidh an Chomhairle tuairisc go tráthrialta do Pharlaimint na hEorpa faoin dul chun cinn a bhaineann le glacadh Phlean an Aontais.

Cuirfidh an Chomhairle dréachtphlean deiridh an Aontais in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún gan mhoill. Tarchuirfidh an Chomhairle Plean an Aontais chuig Parlaimint na hEorpa gan mhoill tráth a ghlactha.

2. Agus an tAirteagal seo á chur chun feidhme, tabharfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún aird chuí ar thoradh chruinnithe an Choiste Ardleibhéil um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil a bunaíodh de bhun Airteagal 11 agus ar Riachtanais Réamh-mheasta UNHCR maidir le hAthlonnú Domhanda.

3. Áireofar an méid seo a leanas i bPlean an Aontais:

(a) líon iomlán na ndaoine atá le ligean isteach i gcríoch na mBallstát, ag tabhairt le fios, faoi seach, cion na ndaoine atá le bheith faoi réir athlonnaithe, ligean isteach ar fhoras daonnúil agus ligean isteach éigeandála, cion na ndaoine atá faoi réir athlonnaithe nach lú ná thart ar 60 % de líon iomlán na ndaoine atá le ligean isteach;

(b) sonraí maidir le rannpháirtíocht na mBallstát agus a rannchuidiú i leith líon iomlán na ndaoine a bheidh le ligean isteach agus cion na ndaoine atá le bheith faoi réir athlonnaithe, agus ligean isteach ar fhoras daonnúil agus ligean isteach éigeandála i gcomhréir le pointe (a) den mhír seo, agus lánurraim dá mbeidh leagtha amach ag na Ballstáit ag an gCoiste Ardleibhéil um Athlonnú agus Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil a bunaíodh de bhun Airteagal 11;

(c) sonrú na réigiún nó na dtríú tíortha óna mbeidh daoine á n-athlonnú nó á ligean isteach ar fhoras daonnúil de bhun Airteagal 4;

4. Féadfar a áireamh i bPlean an Aontais, i gcás inar gá, an méid seo a leanas:

(a) tuairisc ar an ngrúpa sonrach nó ar na grúpaí sonracha de náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát lena mbainfidh Plean an Aontais;

(b) comhordú áitiúil, mar aon le socruithe comhair praiticiúla i measc na mBallstát, le tacaíocht ón nGníomhaireacht um Thearmann i gcomhréir le hAirteagal 10, agus le tríú tíortha, UNHCR agus comhpháirtithe ábhartha eile.

5. Cuirfear ligean isteach éigeandála i bhfeidhm beag beann ar na réigiúin nó ar na tríú tíortha óna mbeidh daoine á n-athlonnú nó á ligean isteach ar fhoras daonnúil.

6. I gcás inar gá sin mar gheall ar imthosca nua, mar shampla géarchéim dhaonnúil gan choinne lasmuigh de na réigiúin nó na tríú tíortha dá dtagraítear i bPlean an Aontais, déanfaidh an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, i gcás inarb iomchuí, Plean an Aontais a leasú, mar shampla trí réigiúin nó tríú tíortha a chur leis na cinn sin as a ligfear daoine isteach de bhun Airteagal 4.

*Airteagal 9*

*Nós imeachta um ligean isteach*

1. I gcás athlonnaithe, chun Plean an Aontais a chur chun feidhme, iarrfaidh na Ballstáit ar UNHCR náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a chur chucu.

I gcás ligean isteach ar fhoras daonnúil, chun Plean an Aontais a chur chun feidhme, féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go gcuirfeadh, an Ghníomhaireacht um Thearmann, UNCHR nó comhlacht idirnáisiúnta ábhartha eile náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát chucu.

2. Déanfaidh Ballstát measúnú féachaint an dtagann náisiúnach tríú tír nó duine gan stát dá dtagraítear i mír 1 faoi raon feidhme Phlean an Aontais.

Féadfaidh Ballstát tús áite a thabhairt do náisiúnach tríú tír nó duine gan stát ar fíor an méid seo a leanas maidir leis nó léi:

(a) tá naisc theaghlaigh aige le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát atá ina gcónaí go dleathach i mBallstát nó le saoránaigh den Aontas;

(b) tá naisc shóisialta nó saintréithe eile léirithe aige a fhéadfaidh lánpháirtíocht a éascú sa Bhallstát a dhéanfaidh nós imeachta maidir le ligean isteach, lena n-áirítear scileanna teanga iomchuí nó cónaí sa Bhallstát sin roimhe sin;

(c) tá riachtanais chosanta nó leochaileachtaí ar leith aige nó aici.

3. Tar éis náisiúnach tríú tír nó duine gan stát a shainaithint a thagann faoi raon feidhme Phlean an Aontais agus a bhfuil sé beartaithe aige nós imeachta um ligean isteach a sheoladh ina leith, cláróidh Ballstát an fhaisnéis seo a leanas maidir leis an duine sin:

(a) ainm an náisiúnaigh tríú tír nó an duine gan stát, a dháta breithe, inscne, agus náisiúntacht;

(b) cineál agus uimhir aon doiciméid aitheantais nó taistil atá ag an náisiúnach tríú tír nó ag an duine gan stát; agus

(c) dáta agus ionad an chlárúcháin, agus an t-údarás a dhéanann an clárúchán.

Féadfar sonraí breise atá riachtanach chun míreanna 6 agus 9 a chur chun feidhme a bhailiú tráth an chlárúcháin.

4. Cuirfidh na Ballstáit an méid seo a leanas in iúl do na náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a ndéanann siad nós imeachta um ligean isteach ina leith:

(a) cuspóirí agus na céimeanna éagsúla an nós imeachta um ligean isteach;

(b) na hiarmhairtí a bhaineann le toiliú a tharraingt siar dá dtagraítear in Airteagal 7, agus diúltú páirt a ghlacadh in aon chlár insealbhaithe réamhimeachta dá dtagraítear i mír 22 den Airteagal seo.

5. Cuirfidh na Ballstáit ar fáil do na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát a ndéanann siad nós imeachta um ligean isteach ina leith, tráth a bhailítear sonraí pearsanta, i scríbhinn agus, i gcás inar gá, ó bhéal, an fhaisnéis a cheanglaítear orthu a chur ar fáil faoi Rialachán (AE) 2016/679. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil i bhfoirm ghonta trédhearcach, intuigthe agus inrochtana go héasca, i dteanga shoiléir shimplí, arna cur in oiriúint do riachtanais mionaoiseach agus faoine a bhfuil riachtanais shonracha acu agus i dteanga a thuigeann na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát agus/nó a cheaptar le réasún go dtuigfeadh siad í.

6. Déanfaidh na Ballstáit measúnú ar cibé acu a shásaíonn nó nach sásaíonn na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát a ndéantar an nós imeachta ligean isteach a sheoladh ina leith na critéir cháilíochta a leagtar amach in Airteagal 5, agus nach dtagann siad faoi na forais le haghaidh diúltú a leagtar amach in Airteagal 6.

Déanfaidh na Ballstáit an measúnú sin go háirithe bunaithe ar fhianaise dhoiciméadach, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, faisnéis ó UNHCR maidir le cibé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát mar dhídeanaithe, ar bhonn agallaimh phearsanta, nó ar theaglaim den dá cheann.

7. I gcás athlonnú, iarrfaidh na Ballstáit ar UNHCR measúnú iomlán a dhéanamh maidir leis na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát atá faoi réir nós imeachta um ligean isteach sa mhéid a leanas:

(a) cé acu a thagann nó nach dtagann siad faoi raon feidhme Phlean an Aontais;

(b) cé acu a thagann nó nach dtagann siad faoi cheann de na catagóirí leochaileachta a leagtar amach in Airteagal 5(3), pointe (a), nó cé acu atá nó nach bhfuil naisc theaghlaigh acu i gcomhréir le hAirteagal 5(4), agus na cúiseanna leis an measúnú sin;

(c) cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn siad mar dhídeanaithe de réir bhrí Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Ginéive.

Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go gcuirfí san áireamh na critéir a leagtar amach i mír 2, an dara fomhír.

8. I gcás ligean isteach ar fhoras daonnúil, féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go ndéanfadh UNHCR measúnú maidir leis na náisiúnaigh tríú tír nó leis na daoine gan stát a chuireann UNHCR chucu sa mhéid seo a leanas:

(a) cé acu a cháilíonn nó nach gcáilíonn siad mar dhídeanaithe de réir bhrí Airteagal 1 de Choinbhinsiún na Ginéive;

(b) cé acu a thagann nó nach dtagann siad faoi cheann de na catagóirí leochaileachta a leagtar amach in Airteagal 5(3), pointe (a), nó cé acu atá nó nach bhfuil naisc theaghlaigh acu i gcomhréir le hAirteagal 5(3), pointe (b);

Féadfaidh na Ballstáit a iarraidh go gcuirfí san áireamh na critéir a leagtar amach i mír 2, an dara fomhír.

9. Tiocfaidh na Ballstáit ar chonclúid maidir le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a ligean isteach bunaithe ar an measúnú dá dtagraítear i mír 6 a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 7 mí ón dáta clárúcháin. Féadfaidh na Ballstáit síneadh suas le 3 mhí a chur leis an teorainn ama sin i gcás saincheisteanna casta fíorais nó dlí.

10. I gcás ligean isteach éigeandála, tiocfaidh na Ballstáit ar chonclúid a luaithe is féidir agus féachfaidh siad leis sin a dhéanamh tráth nach déanaí ná mí amháin ó dháta an chlárúcháin.

11. Scoirfidh na Ballstáit de nós imeachta um ligean isteach ina ndéanann náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a dtoiliú a tharraingt siar dá dtagraítear in Airteagal 7.

Féadfaidh Ballstát scor de nós imeachta um ligean isteach sna himthosca seo a leanas:

(a) i gcás ina gcinneann sé go bhfuil líon iomlán na náisiúnach tríú tír nó na ndaoine gan stát a ligtear isteach níos mó ná a rannchuidiú a leagtar amach i bPlean an Aontais;

(b) i gcás ina gcinneann sé tús áite a thabhairt do na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát i gcomhréir le mír 2, pointe (c);

(c) i gcás ina gcinneann sé nach bhfuil sé in ann na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 9 a urramú ar chúiseanna nach bhfuil faoina smacht.

Faoi réir Chaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, cuirfear an chúis a ndearnadh scor chuig UNHCR i gcás inar gá é chun cur ar chumas UNHCR a chúramaí a chur i gcrích i dtaca le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a chur chuig Ballstáit nó tríú tíortha i gcomhréir leis an Rialachán seo nó lena shainordú, ach amháin má tá cúiseanna sáraitheacha a bhaineann leis an leas poiblí ann gan déanamh amhlaidh.

12. Déanfaidh na Ballstáit sonraí na ndaoine a ndeonaíonn siad cosaint idirnáisiúnta nó stádas daonnúil dóibh faoin dlí náisiúnta i gcomhréir leis an Rialachán seo a stóráil go ceann 5 bliana ó dháta an chlárúcháin. I gcás daoine ar diúltaíodh ligean isteach dóibh ar aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 6(1), an chéad fhomhír, pointe (f), déanfar na sonraí sin a stóráil ar feadh tréimhse 3 bliana ón dáta a thángthas ar an gconclúid dhiúltach maidir le ligean isteach.

Ar dhul in éag don tréimhse is infheidhme, scriosfaidh na Ballstáit na sonraí. Scriosfaidh na Ballstáit na sonraí a bhaineann le duine a bhain saoránacht aon Bhallstáit amach roimh dhul in éag na tréimhse sin a luaithe a fhaigheann siad amach go bhfuil an tsaoránacht sin faighte ag an duine lena mbaineann.

I gcás ina scoireann an Ballstát den nós imeachta um ligean isteach de bhun mhír 11, an chéad fhomhír, stórálfaidh an Ballstát sonraí an duine lena mbaineann ar feadh trí bliana ón dáta scoir sin. I gcás ina scoireann Ballstát de nós imeachta um ligean isteach de bhun mhír 11, an dara fomhír, scriosfaidh an Ballstát na sonraí an duine lena mbaineann ar an dáta scoir sin.

13. I gcás ina mbeidh conclúid an Bhallstáit de bhun mhír 9 diúltach, ní ligfear an náisiúnach tríú tír ná an duine gan stát lena mbaineann isteach sa Bhallstát sin.

Faoi réir na gceanglas a leagtar amach i gCaibidil V de Rialachán (AE) 2016/679, cuirfear an chúis leis an gconclúid dhiúltach chuig UNHCR i gcás inar gá chun a chúramaí a fheidhmiú i dtaca le náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát a chur chuig Ballstáit nó tríú tíortha i gcomhréir leis an Rialachán seo nó lena shainordú, ach amháin má tá ar chúiseanna sáraitheacha leasa phoiblí ann gan déanamh amhlaidh.

Aon Bhallstát a tháinig ar chonclúid dhiúltach dá dtagraítear sa chéad fhomhír, féadfaidh sé a cheangal ar Bhallstát eile dul i gcomhairle leis le linn don Bhallstát eile sin scrúdú a dhéanamh ar an gcomhad um ligean isteach.

14. I gcás ina bhfuil conclúid an Bhallstáit de bhun mhír 9 dearfach, beidh feidhm ag míreanna 15 go 22 sula dtiocfaidh an duine lena mbaineann isteach ina chríoch nó ina dhiaidh sin.

15. De bhun mír 14 den Airteagal seo, déanfaidh Ballstát dá dtagraítear an, cinneadh stádas dídeanaí a dheonú i gcás ina gcáilíonn an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát lena mbaineann mar dhídeanaí, nó stádas cosanta coimhdí a dheonú i gcás ina bhfuil an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát lena mbaineann incháilithe do chosaint choimhdeach.

Beidh an éifeacht chéanna ag cinneadh den sórt sin agus atá ag cinneadh ina ndeonaítear stádas dídeanaí nó stádas cosanta coimhdí dá dtagraítear in Airteagal 13 nó 18 de Rialachán (AE) …/…[+], tar éis don duine lena mbaineann teacht isteach i gcríoch Ballstáit.

Féadfaidh na Ballstáit ceadanna cónaithe a bhfuil bailíocht bhuan nó neamhtheoranta acu a eisiúint ar théarmaí atá níos fabhraí i gcomhréir le hAirteagal 13 de Threoir 2003/109/CE ón gComhairle[12].

16. De bhun mhír 14 den Airteagal seo, déanfaidh Ballstát amhail dá dtagraítear ann cinneadh cead cónaithe a eisiúint i gcás ball teaghlaigh de chuid an náisiúnaigh tríú tír nó an duine gan stát lena mbaineann, de bhun Airteagal 5(4), nach gcáilíonn ina aonar le haghaidh cosaint idirnáisiúnta.

Beidh an éifeacht chéanna ag an gcinneadh sin agus atá ag cinneadh chun cead cónaithe a eisiúint dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) …/…[+], tar éis don duine lena mbaineann isteach i gcríoch Ballstáit.

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)).

[12] Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO L 16, 23.1.2004, lch. 44).

17. De bhun mhír 14 den Airteagal seo, féadfaidh Ballstát dá dtagraítear ann i gcás ligean isteach ar fhoras daonnúil, cosaint idirnáisiúnta a dheonú nó, gan dochar don cheart iarratas a dhéanamh ar chosaint idirnáisiúnta, stádas daonnúil a dheonú faoin dlí náisiúnta lena bhforáiltear do chearta agus d'oibleagáidí atá comhionann leo siúd in Airteagail 20 go 26 agus 28 go 35 de Rialachán (AE) …/…[+] do thairbhithe de chosaint choimhdeach.

Tiocfaidh an cinneadh sin i bhfeidhm tar éis don duine lena mbaineann teacht isteach i gcríoch an Bhallstáit.

18. De bhun mhír 14 den Airteagal seo, déanfaidh Ballstát amhail dá dtagraítear ann cinneadh cead cónaithe a eisiúint i gcás ball teaghlaigh de chuid an náisiúnaigh tríú tír nó an duine gan stát lena mbaineann, de bhun Airteagal 5(4), nach gcáilíonn ina aonar le haghaidh cosaint idirnáisiúnta nó le haghaidh stádas daonnúil faoin dlí náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 2, pointe (3)(c).

Beidh an éifeacht chéanna ag cinneadh den sórt sin agus atá ag cinneadh chun cead cónaithe a eisiúint dá dtagraítear in Airteagal 23(1) de Rialachán (AE) …/…[+], a luaithe a thagann an duine lena mbaineann isteach i gcríoch Ballstáit.

---

[+] IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 70/23 (2016/0223(COD)).

19. De bhun mhír 14 den Airteagal seo, cuirfidh Ballstát dá dtagraítear dá dtagraítear ann nó an comhpháirtí ábhartha thar ceann an Bhallstáit i gcomhréir le hAirteagal 10(3) na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát lena mbaineann ar an eolas faoi aon chinneadh de bhun mhíreanna 15 agus 17 den Airteagal seo.

I gcás ina ndearnadh cinneadh den sórt sin sular tháinig an duine lena mbaineann isteach i gcríoch an Bhallstáit, féadfar an fógra sin a thabhairt tar éis an teacht isteach sin.

20. De bhun mhír 14, déanfaidh Ballstát dá dtagraítear ann gach iarracht lena áirithiú go dtiocfaidh an duine sin isteach ar a chríoch a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 12 mhí ón dáta a thángthas ar an gconclúid.

I gcás ligean isteach éigeandála, áiritheoidh an Ballstát go ndéanfar an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát a aistriú go tapa tar éis an dáta a thángthas ar an gconclúid dhearfach de bhun mhír 9.

21. De bhun mhír 14, déanfaidh Ballstát dá dtagraítear ann tairiscint, i gcás inar gá, go ndéanfaidh sé socruithe taistil lena n-áirítear seiceálacha leighis ar an inniúlacht taistil agus aistriú saor in aisce chuig a gcríoch a sholáthar, lena n-áirítear, i gcás inar gá, go ndéanfar nósanna imeachta um imeacht a éascú sa tríú tír ónar ligeadh an náisiúnach tríú tír nó an duine gan stát isteach lena mbaineann.

I gcás ina n-eagróidh Ballstát socruithe taistil de bhun na chéad fhomhíre, cuirfidh sé san áireamh riachtanais shonracha na ndaoine lena mbaineann maidir le haon leochaileacht a d'fhéadfadh a bheith acu.

22. De bhun mhír 14, déanfaidh Ballstát dá dtagraítear ann, i gcás inarb indéanta, cláir insealbhaithe réamhimeachta a thairiscint do na náisiúnaigh tríú tír nó do na daoine gan stát lena mbaineann, a bheidh saor in aisce agus a mbeidh rochtain éasca orthu agus ina bhféadfar faisnéis a áireamh maidir lena gcearta agus a n-oibleagáidí, ranganna teanga, agus faisnéis maidir le staid shóisialta, chultúrtha agus pholaitiúil an Bhallstáit.

I gcás nach bhfuil sé indéanta cláir insealbhaithe den sórt sin a chur ar fáil, déanfaidh na Ballstáit faisnéis faoina gcearta agus faoina n-oibleagáidí ar a laghad a chur ar fáil do náisiúnaigh tríú tír nó do dhaoine gan stát.

23. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a phróiseálfaidh Ballstát de bhun an Airteagail seo a aistriú chuig aon tríú tír, aon chomhlacht idirnáisiúnta ná aon eintiteas príobháideach atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tír ná ní dhéanfar iad a chur fáil dóibh i gcásanna seachas na cásanna sin dá bhforáiltear san Airteagal seo.

24. Tarchuirfidh na Ballstáit sonraí na ndaoine a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13+].

25. Ag gach céim den nós imeachta, ní dhéanfaidh na Ballstáit idirdhealú i gcoinne daoine bunaithe ar ghnéas, cine, dath, bunadh eitneach nó bunadh sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

---

13 Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bunú 'Eurodac' chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) …/… agus (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, …, ELI: …).

+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá in PE-CONS 15/24 (2016/0132(COD)) agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin.

*Airteagal 10*

*Comhar oibríochtúil*

1. Chun cur chun feidhme Phlean an Aontais a éascú, ceapfaidh na Ballstáit pointí teagmhála náisiúnta agus féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh oifigigh idirchaidrimh a cheapadh i dtríú tíortha.

2. Féadfaidh an Ghníomhaireacht um Thearmann tacú leis na Ballstáit arna iarraidh sin dóibh i gcomhréir le hAirteagal 9(1) den Rialachán seo, nó i gcás ina bhforáiltear dó sin i bPlean an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 8(4), pointe (b), den Rialachán seo. Féadfar a áireamh ar an tacaíocht sin comhordú a dhéanamh ar chomhar teicniúil idir na Ballstáit, cabhrú leis na Ballstáit maidir le Plean an Aontais a chur chun feidhme, oiliúint na foirne a dhéanfaidh nósanna imeachta um ligean isteach, faisnéis a sholáthar do náisiúnaigh tríú tír nó daoine gan stát dá dtagraítear in Airteagal 9(4), (5) agus (25) den Rialachán seo, comhroinnt bonneagair a éascú, agus cuidiú a thabhairt do na Ballstáit i dtaobh comhar le tríú tíortha chun na nósanna imeachta um ligean isteach a sheoladh de bhun Rialachán (AE) 2021/2303.

   Féadfaidh an Ghníomhaireacht um Thearmann comhordú a dhéanamh freisin ar mhalartú dea-chleachtas idir na Ballstáit chun an Rialachán seo a chur chun feidhme agus chun daoine athlonnaithe a lánpháirtiú ina sochaí óstach.

3. Chun Plean an Aontais a chur chun feidhme, agus go háirithe chun go gcuirfear na náisiúnaigh tríú tír nó na daoine gan stát ar an eolas faoin gcinneadh a rinne na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 9(15) agus (17) agus chun cláir insealbhaithe réamhimeachta, seiceálacha leighis ar an inniúlacht taistil, socruithe taistil agus socruithe praiticiúla eile a dhéanamh, féadfaidh comhpháirtithe ábhartha cabhrú leis na Ballstáit, arna iarraidh sin do na Ballstáit nó i gcomhréir le socruithe maidir le comhordú áitiúil agus le comhar praiticiúil i gcomhair Phlean an Aontais a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 8(4), pointe (b).

*Airteagal 11*

*Coiste Ardleibhéil um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil*

1. Déanfar Coiste Ardleibhéil um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil (Coiste Ardleibhéil) a bhunú. Beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit.

Iarrfar ar an nGníomhaireacht um Thearmann, ar UNHCR agus ar an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce freastal ar chruinnithe an Choiste Ardleibhéil.

Féadfar go n-iarrfar ar eagraíochtaí ábhartha eile, lena n-áirítear eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta, freastal ar chruinnithe an Choiste Ardleibhéil i ndáil lena sainréimsí.

Tabharfar cuireadh d'ionadaithe ón Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis freastal ar chruinnithe den Choiste Ardleibhéil i gcás inar thug siad le fios go bhfuil rún acu a bheith bainteach le cur chun feidhme Phlean an Aontais.

2. Déanfaidh an Coimisiún cathaoirleacht ar an gCoiste Ardleibhéil. Tiocfaidh sé le chéile uair sa bhliain ar a laghad agus aon uair is gá arna iarraidh sin don Choimisiún nó arna iarraidh sin do Bhallstát nó do Pharlaimint na hEorpa.

3. Tabharfaidh an Coiste Ardleibhéil comhairle don Choimisiún ar shaincheisteanna a bhaineann le Creat an Aontais a chur chun feidhme, lena n-áirítear maidir le líon molta daoine a bheidh le ligean isteach agus na réigiúin nó tríú tíortha as a ndéanfar an ligean isteach sin, agus Riachtanais Réamh-mheasta UNHCR maidir le hAthlonnú Domhanda á gcur san áireamh. Féadfaidh an coiste moltaí a dhéanamh.

Foilseoidh an Coimisiún miontuairiscí chruinnithe an Choiste Ardleibhéil, mura rud é go mbainfeadh an foilsiú sin an bonn de chosaint aon leasa phoiblí nó phríobháidigh dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14].

4. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle leis an gCoiste Ardleibhéil agus cuirfidh sé toradh chruinnithe an Choiste Ardleibhéil san áireamh maidir le saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme Chreat an Aontais.

---

[14] Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 30.5.2001, lch. 43).

5. Tar éis thoradh chruinnithe an Choiste Ardleibhéil a fháil de bhun an Airteagail seo, iarrfaidh an Coimisiún ar na Ballstáit sonraí a rannpháirtíochta agus a rannchuidithe a léiriú ar bhonn deonach i ndáil leis an líon iomlán daoine a bheidh le ligean isteach lena n-áirítear cineál an ligin isteach agus na réigiúin agus na tíortha as a ndéanfar an ligean isteach i gcomhréir le hAirteagail 4 agus 8.

6. As a stuaim féin nó ag eascairt as moladh ó Bhallstát amháin nó níos mó nó ó Pharlaimint na hEorpa, tionólfaidh an Coimisiún cruinniú den Choiste Ardleibhéil chun plé a dhéanamh maidir le ligean isteach féideartha daoine de bhun Airteagal 8(6) d'fhonn freagairt ar dhálaí nua, amhail géarchéimeanna daonnúla nach mbíonn súil leo i réigiúin nó i dtríú tíortha nach n-áirítear i bPlean an Aontais.

7. Féadfaidh an Coiste Ardleibhéil, más gá, a rialacha nós imeachta a bhunú.

*Airteagal 12*

*Comhlachas leis an Íoslainn, le Lichtinstéin, leis an Iorua agus leis an Eilvéis*

Iarrfar ar an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis a bheith comhlachaithe le cur chun feidhme phlean an Aontais. Leis an gcomhlachas sin, tabharfar aird chuí ar an Rialachán seo, go háirithe maidir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 9 agus cearta agus oibleagáidí daoine a ligtear isteach.

*Airteagal 13*

*Tacaíocht airgeadais*

Déanfar tacaíocht airgeadais do na Ballstáit le haghaidh athlonnaithe agus ligean isteach ar fhoras daonnúil a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/1147.

*Airteagal 14*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1147*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

‘(5) ciallaíonn ‘ligean isteach ar fhoras daonnúil’ ligean isteach ar fhoras daonnúil mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán (AE) …/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[*+];

---

* Rialachán (AE) 2024/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an … lena mbunaítear Creat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1147 (IO L, …, ELI: ….).’;

---

\+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin seo atá in PE-CONS 18/24 (2016/0225(COD)) agus cuir isteach san fhonóta uimhir, dáta agus tagairt IO an Rialacháin sin.

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (8):

‘(8) ciallaíonn ‘athlonnú’ athlonnú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2…/…+’;

(2) in Airteagal 19, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna (1), (2) agus (3):

‘1. De bhreis ar a leithdháileadh faoi Airteagal 13(1), pointe (a), den Rialachán seo, gheobhaidh na Ballstáit méid EUR 10 000 le haghaidh gach duine a ligtear isteach trí athlonnú faoi Chreat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil arna bhunú le Rialachán (AE) …/…+.

2. De bhreis ar a leithdháileadh faoi Airteagal 13(1), pointe (a), den Rialachán seo, gheobhaidh na Ballstáit méid EUR 6 000 le haghaidh gach duine a ligtear isteach trí ligean isteach ar fhoras daonnúil faoi Chreat an Aontais um Athlonnú agus um Ligean Isteach ar Fhoras Daonnúil arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) …/…+ nó a ligtear isteach faoi scéim náisiúnta athlonnaithe.

3. Déanfar an méid dá dtagraítear i mír 2 a mhéadú go EUR 8 000 le haghaidh gach duine a ligtear isteach trí ligean isteach ar fhoras daonnúil nó a ligtear isteach faoi scéim náisiúnta athlonnaithe, agus a bhaineann le ceann amháin nó níos mó de na grúpaí leochaileacha seo a leanas:

(a) mná agus leanaí i mbaol;

---

+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin seo atá i ndoiciméad PE-CONS 18/24 (2016/0225(COD)).

(b) mionaoisigh neamhthionlactha;

(c) daoine a bhfuil riachtanais leighis acu nach féidir aghaidh a thabhairt orthu ach trína ligean isteach ar fhoras daonnúil;

(d) daoine a bhfuil ligean isteach ar fhoras daonnúil de dhíth orthu mar gheall ar riachtanais cosanta dlíthiúla nó fisiciúla, lena n-áirítear íospartaigh fhoréigin nó céasta.’.

*Airteagal 15*

*Meastóireacht agus Athbhreithniú*

1. Faoin … [4 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena n-áirítear Airteagal 9(2), pointe (b), agus maidir le rannchuidiú na mBallstát le cur chun feidhme Phlean an Aontais, i gcomhréir le hAirteagal 8 agus maidir le hiarrachtaí na mBallstát ar fad dlús a chur lena n-iarrachtaí um athlonnú agus um ligean isteach ar fhoras daonnúil d'fhonn rannchuidiú suntasach a dhéanamh chun riachtanais maidir le hathlonnú domhanda a bhaint amach. I gcás inarb iomchuí, beidh tograí ag gabháil leis an tuarascáil chun an aidhm sin a bhaint amach.

2. Cuirfidh Ballstáit ar fáil don Choimisiún agus don Ghníomhaireacht um Thearmann an fhaisnéis is gá chun an tuarascáil ón gCoimisiún a tharraingt suas chun críche mhír 1.

3. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ar bhonn togra ón gCoimisiún, athbhreithniú ar an Rialachán seo laistigh de 2 bhliain ón dáta a thíolacfar an tuarascáil ón gCoimisiún de bhun mhír 1, agus ábhar na tuarascála sin á chur san áireamh.

*Airteagal 16*

*Teacht i bhfeidhm*

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 9(24) ón … [an dáta a thiocfaidh Airteagal 18 de Rialachán (AE) …/…+ chun bheith infheidhme].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

+ IO: Cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad PE-CONS 15/24 (2016/0132(COD)).